Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 33

# Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

# Réamhrá

Tá ceanglas orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 33, cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair a iniúchta.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus chun fóirdheontais agus deontais áirithe a íoc.

Déantar comparáid idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna

a) a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair don bhliain, agus
b) a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair chaipitil in 2019 as leithreasaí 2018 nár caitheadh, faoinsocrú géillte iarchurtha a bunaíodh le hAlt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €2.162 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas na nithe seo a leanas:

***Luacháil Sócmhainní***

Níl aon luacháil déanta ar mhaoine stairiúla ar leith amhail páirceanna náisiúnta ná sócmhainní oidhreachta amhail déantúsáin agus lámhscríbhinní.

***Dímheas***

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar foirgnimh a dhímheas ag 2% sa bhliain ar bhonn na líne dírí. Déantar Innealra agus gléasra, trealamh oifige agus TE agus troscán agus feistis a dhímheas ar bhonn na líne dírí thar thréimhse mheasta a saolré ionchais, de réir na rátaí bliantúla seo a leanas:

- Innealra agus gléasra; troscán agus feistis – 10%
- Trealamh oifige agus TE – 20%

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Admhaím go bhfuil de fhreagracht orm, i m'Oifigeach Cuntasaíochta dom, a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais ar bun agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an tIonad Comhsheirbhísí Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais comhlíonta agam.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil do mo Roinn.

Is mar seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid de.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchta ar bun d'fhonn comhairle a chur orm maidir le m'fhreagrachtaí maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá tuairisc i scríbhinn ar na nósanna imeachta maidir le gach ceann de na príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go bhfuil ach go háirithe:

- córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag bainistíocht shinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- córas bainistithe riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TEC a chinntiú
- tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadail i bhfeidhm.

***Neamh-chomhlíonadh na rialacha soláthair***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontacht gach treoirlíne iomchuí a chinntiú.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seo ach amháin maidir le haon chonradh amháin a raibh luach €65,300 leis. Bhain sin le conradh seirbhísí glantacháin ar cuireadh síneadh leis thar a thréimhse chonartha bhunaidh agus lena bhfuiltear ag súil é a thabhairt chun rialtachta go luath.

Tá an conradh seo san áireamh le liosta de cheithre chonradh, le luach foriomlán €601,267 a bronnadh gan próiseas iomaíoch a leanúint in 2019 agus a cuireadh san áireamh i dtuairisceán 40/2002, toisc gur sháraigh siad táirseach thuairiscithe an €25,000. Meastar go gcomhlíonann an trí chonradh atá fágtha le luach €535,967 na treoirlínte toisc go dtagann an t-údar leis na conarthaí seo a bhronnadh faoi chuimsiú na n-eisceachtaí a bhaineann le próiseas iomaíoch a cheadaítear faoi reachtaíocht náisiúnta agus de chuid an AE.

***Iniúchadh inmheánach agus Coiste iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agamsa agus ag an gCoiste Iniúchta. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar suas tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Roinn agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta (BB) an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar na próisis rialaithe agus cuirtear aon easnamh maidir le cúrsaí rialaithe in iúl don té atá freagrach as beart bisigh ina leith agus go tráthúil don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcásanna iomchuí. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánaigh airgeadais sna ráitis airgeadais maidir le 2019 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

**Katherine Licken**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

24 Márta 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 33 Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 33 Cultúr, Oidhreacht agus and Ghaeltacht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 33 Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2020

# Vóta 33 Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Na healaíona, cultúr agus scannán | | 188,958 | 183,470 | 163,334 |
| B | Oidhreacht | | 54,081 | 55,413 | 49,258 |
| C | An Ghaeilge, An Ghaeltacht agus na hOileáin | | | | |
| | *Bunaidh* | 55,522 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 700 | | | |
| | | | 56,222 | 55,361 | 48,499 |
| D | Comhoibriú Thuaidh-Theas | | 40,398 | 41,099 | 41,220 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 338,959 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 700 | | | |
| | | | **339,659** | **335,343** | **302,311** |
| | *Lúide* | | | | |
| F | **Leithreasaí i gCabhair** | | **3,764** | **5,046** | **5,654** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar bunaidh* | 335,195 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 700 | | | |
| | | | **335,895** | **330,297** | **296,657** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithreasaí neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €3 milliún de leithroinntí neamhchaite i ndáil le heilimintí caipitil faoi fho-mhírcheann A.7 agus €435,000 de leithroinntí neamhchaite i ndáil le heilimintí caipitil faoi fho-mhírcheann C.4 a thabhairt ar aghaidh go dtí 2020.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 5,597,433 | 2,801,863 |
| Géilleadh Iarchurtha | (3,435,000) | (700,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **2,162,433** | **2,101,863** |

**Katherine Licken**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

24 Márta 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas cláir | | 295,326 | 264,776 |
| Pá | | 34,436 | 32,645 |
| Neamhphá | | 5,581 | 4,890 |
| **Ollchaiteachas** | | **335,343** | **302,311** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | **5,046** | **5,654** |
| **Glanchaiteachas** | | **330,297** | **296,657** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin – Airgead Tirim | (4,990) | | |
| Dímheas | 1,355 | | |
| Diúscairtí – Airgead Tirim | 4 | (3,631) | (952) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (764) | | |
| Méadú ar stoc | (18) | (782) | 1,752 |
| **Caiteachas díreach** | | **325,884** | **297,457** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 16,359 | 20,235 |
| Measchíosanna | | 1,193 | 775 |
| **Glanchostas cláir** | | **343,436** | **318,467** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 33 a iompraíodh in áit éigin eile.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 45 | 60 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 10,452 | 10,257 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 5,163 | 9,153 |
| Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 66 | 91 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas - Ionad na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 497 | 503 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | 136 | 171 |
| | **16,359** | **20,235** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 64,135 | 60,504 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 12,197 | 3,217 |
| Stoic | 2.3 | 361 | 343 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,386 | 1,826 |
| Ioncam fabhraithe | | 68 | 117 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 2,546 | 2,595 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 17,558 | 8,098 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 843 | 1,097 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 9,680 | 4,155 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 5,063 | 1,657 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 15,586 | 6,909 |
| **Glan-sócmhainní reatha** | | 1,972 | 1,189 |
| **Glan-sócmhainní** | | **66,107** | **61,693** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas mhaoiniú an Stáit** | 2.7 | **66,107** | **61,693** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Fearas agus innealra | Trealamh oifige agus TE | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 57,645 | 7,910 | 10,334 | 4,311 | 80,200 |
| Suimeanna Breise | 3,690 | 504 | 749 | 47 | 4.990 |
| Aistrithe isteach | — | — | 8 | — | 8 |
| Diúscairtí | — | (134) | (39) | (10) | (183) |
| Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 61,335 | 8,280 | 11,052 | 4,348 | 85,015 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2019 | 1,920 | 6,177 | 8,879 | 2,720 | 19,696 |
| Muirear dímheasa don bhliain | 385 | 396 | 510 | 64 | 1,355 |
| Dímheas ar aistrithe | — | — | 8 | — | 8 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (130) | (38) | (11) | (179) |
| Dímheas carntha amhail 31 Nollaig 2019 | 2,305 | 6,443 | 9,359 | 2,773 | 20,880 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2019** | **59,030** | **1,837** | **1,693** | **1,575** | **64,135** |
| Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2018 | 55,725 | 1,733 | 1,455 | 1,591 | 60,504 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 12,144 | 3,038 |
| Petty cash | 19 | 20 |
| Cuntais bhainc tráchtála [a] | 34 | 159 |
| | **12,197** | **3,217** |

Nóta [a] Áirítear in iarmhéid an chuntais bainc tráchtála €2,083 in 2019 (2018: €119,423) i ndáil le cuntas bainc tráchtála arna fheidhmiú ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais – Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

## 2.3 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Bunábhar tógála agus fearais bheaga | 116 | 87 |
| Breoslaí agus leasacháin | 27 | 28 |
| Stáiseanóireacht | 16 | 27 |
| Tomhaltáin trealaimh | 6 | 6 |
| Soláthairtí feighlithe agus garchabhair | 18 | 11 |
| Tomhaltáin TE | 51 | 57 |
| Earraí Ilghnéitheacha | 57 | 55 |
| Beostoc | 70 | 72 |
| | **361** | **343** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ciste Comhshaoil | 1,131 | 1,354 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 47 | 54 |
| *Aran LIFE* [a] | — | 84 |
| *Paypath* | 107 | — |
| Iarmhéideanna dochair eile - míreanna fionraí | 1,261 | 1,103 |
| | **2,546** | **2,595** |

Nóta [a] Is é clár *LIFE* uirlis mhaoiniúcháin an AE a chuireann tacaíocht ar fáil do thionscadail timpeallachta, chaomhnaithe an dúlra agus ghníomhaithe ar son na haeráide tríd an AE. Is é atá de chuspóir go ginearálta le *LIFE* cur le beartas agus reachtaíocht an AE maidir le cúrsaí timpeallachta trína chur i bhfeidhm, é a thabhairt cothrom le dáta agus é a fhorbairt trí chomhchistíocht do thionscadail phíolótacha nó taispeána a mbíonn breisluach leo ag an Eoraip. Déantar admhálacha dar luach €182,469, ag baint le forchostais i ndáil leis an dtionscadal *Aran Life* a fhorchúiteamh ón Aontas Eorpach, a thaifeadadh mar admhálacha ilghnéitheacha faoi leithreasaí i gcabhair in 2019 (€0 in 2018).

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 480 | 438 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 304 | 262 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 184 | 220 |
| Cáin chonarthaí iomchuí | 8 | — |
| Cáin bhreisluacha | 135 | 157 |
| Asbhaintí pinsin | 8 | 14 |
| | 1,119 | 1,091 |
| Ciste Tiomnachta *Crowley* (Nóta 7.2) | 156 | 207 |
| *Kerry LIFE* [a] | 685 | 1,196 |
| An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe | 2,500 | — |
| *LIFE* Dúlra an Atlantaigh Fiáin [a] | 2,475 | — |
| Tionscadal *LIFE Crex* an Atlantaigh [a] | 1,289 | — |
| Tionscadal *LIFE* na bPortach Ardaithe | 1,243 | 1,448 |
| Eile | 213 | 213 |
| | **9,680** | **4,155** |

Nóta [a] Is é clár *LIFE* uirlis mhaoiniúcháin an AE a chuireann tacaíocht ar fáil do thionscadail timpeallachta, chaomhnaithe an dúlra agus ghníomhaithe ar son na haeráide tríd an AE. Is é atá de chuspóir go ginearálta le *LIFE* cur le beartas agus reachtaíocht an AE maidir le cúrsaí timpeallachta trína chur i bhfeidhm, é a thabhairt cothrom le dáta agus é a fhorbairt trí chomhchistíocht do thionscadail phíolótacha nó taispeána a mbíonn breisluach leo ag an Eoraip.

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 2,162 | 2,102 |
| Géilleadh Iarchurtha | 3,435 | 700 |
| Deontas neamhtharraingthe an Státchiste | (534) | (1,145) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **5,063** | **1,657** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 12,197 | 3,217 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 2,546 | 2,595 |
| | 14,743 | 5,812 |
| **Creidiúnaithe:** | | |
| Dlite don Stát | (1,119) | (1,091) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (8,561) | (3,064) |
| | (9,680) | (4,155) |
| | | |
| | **5,063** | **1,657** |

## 2.7 Cuntas mhaoiniú an Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Amhail an 1 Eanáir | | | 61,693 | 62,493 |
| | | | | |
| Íocaíochtaí amach as an Vóta | | | | |
| Soláthar measta | Cuntas | 335,895 | | |
| Géilleadh Iarchurtha | Cuntas | (3,435) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (2,162) | | |
| Glanvóta | | | 330,298 | 296,657 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 16,359 | 20,235 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíos | 1 | | 1,193 | 775 |
| | | | | |
| Glanchostas cláir | 1 | | (343,436) | (318,467) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **66,107** | **61,693** |

## 2.8 Tiomantais

**a) Tiomantais Lánchuimsitheacha**

| amhail an 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 793 | 1,418 |
| Cláir deontais neamh-chaipitil (b) | 36,958 | 37,541 |
| Cláir deontais chaipitil (c) | 41,132 | 52,564 |
| Tionscadail chaipitil | 8,145 | 18,432 |
| **Iomlán na ngealltanas atá infheidmithe go dlíthiúil** | **87,028** | **109,955** |

In 2019 chuir an Roinn nóta na gceangaltas i láthair agus iad go hiomlán ar aon dul le ceanglais chiorclán 27/2019 de chuid *DEPR*, ceanglais le haghaidh an chuntais leithreasa. Agus sin á dhéanamh, d'athríomh an Roinn iarmhéideanna deiridh 2018 le haghaidh na gceangaltas. Dá bharr sin, tá iarmhéideanna deiridh 2018 athluaite ó €108.698 milliún go €109.955 sa tsraith cuntas seo.

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **b) Cláir deontais neamh-chaipitil** | | |
| Iarmhéid tosaigh | 37,541 | 29,383 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (33,897) | (28,977) |
| Tiomantais deontais nua | 34,362 | 37,407 |
| Deontais ar ceal | (1,048) | (272) |
| Iarmhéid deiridh | 36,958 | 37,541 |

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **c) Cláir deontais chaipitil** | | |
| Iarmhéid tosaigh | 52,564 | 42,876 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (16,780) | (8,809) |
| Tiomantais deontais nua | 5,661 | 18,853 |
| Deontais ar ceal | (313) | (356) |
| Iarmhéid deiridh | **41,132** | **52,564** |

## 2.9 Dliteanais aibithe

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana | **4** | **21** |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus d'fhéadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níl aon chinnteacht ann maidir le méid iarbhír ná tráthúlacht dliteanas féideartha.

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 34,595 | 34,436 | 32,645 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,428 | 1,239 | 1,154 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 987 | 969 | 785 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 610 | 446 | 361 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TE | 1,987 | 2,096 | 1,855 |
| vi | Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige | 775 | 831 | 735 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartas | 100 | — | — |
| | | **40,482** | **40,017** | **37,535** |

### Athrúcháin shuntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar measta: €610,000, toradh: €446,000*

Ba mar thoradh ar éifeachtúlachtaí riaracháin a d'eascair as bainistiú stuama a dhéanamh ar sheirbhísí postais agus teileachumarsáide a raibh an tsábháil seo ann.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartas**

*Soláthar measta: €100,000, toradh: €nialas*

Ba mar thoradh ar pholasaí caiteachas den chineál sin a choinneáil chomh híseal agus a d'fhéadfaí i bhfianaise brú buiséid a tharla an tsábháil sin. Saineolaithe intí a thugann faoi athbhreithnithe ar luach ar airgead agus polasaithe.

## Clár A Na hEalaíona, cultúr agus scannán

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | 7,714 | 6,894 | 6,498 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 1,369 | 1,605 | 1,376 |
| A.3 | Íocaíochtaí le hacmhainní arna nginiúint ag an gCartlann Náisiúnta a mheaitseáil | 40 | 40 | 38 |
| A.4 | Speansais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta | 1,666 | 1,138 | 1,224 |
| A.5 | Speansais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Áiléar Crawford (nóta 7.1) | 13,296 | 13,373 | 12,837 |
| A.6 | Iarsmalanna, gailearaithe, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha | 12,500 | 12,455 | 10,937 |
| A.7 | Infreastruchtúr agus forbairt chultúir | 12,150 | 8,400 | 7,449 |
| A.8 | Cultúr Éireann | 4,600 | 4,942 | 4,136 |
| A.9 | An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 75,002 | 75,002 | 68,213 |
| A.10 | Speansais ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann | 14,109 | 14,109 | 13,546 |
| A.11 | Speansais ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | 7,825 | 7,825 | 7,563 |
| A.12 | Bord Scannán na hÉireann | 20,040 | 20,040 | 18,022 |
| A.13 | Speansais ghinearálta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann | 10,547 | 10,547 | 10,002 |
| A.14 | Cathair Chultúir na hEorpa | 6,000 | 6,000 | 650 |
| A.15 | Deich mBliana an Chuimhneacháin 1912 -1922 | 1,100 | 1,100 | 843 |
| A.16 | Ionad Imeachtaí Chorcaí | 1,000 | — | — |
| | | **188,958** | **183,470** | **163,334** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd bhí an caiteachas a bhain le Clár A €5.488 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Ba mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó é sin:

**A.4 Speansais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta**

*Soláthar measta: €1.666 milliún, toradh: €1.138 milliún*

Sábháladh €528,000, i gcoibhneas leis an soláthar measta, mar thoradh, don chuid is mó, ar oibreacha tógála a bhí beartaithe don dara leath de 2019 ach nach ndearnadh dul chun cinn leo chomh tapa is a bhí beartaithe i dtosach, ós rud é nach raibh an conraitheoir ar fáil sa ráithe dheireanach de 2019.

**A.7 Infreastruchtúr agus forbairt chultúir**

*Soláthar measta: €12.15 milliún, toradh: €8.4 milliún*

Sábháladh €3.75 milliún, i gcoibhneas leis an soláthar measta, ós rud é nach ndearnadh dul chun cinn chomh tapa is a bhí beartaithe i dtosach i ndáil le roinnt tionscadal, lena n-áirítear Amharclann *Hawkswell*, Comhairle Contae na Mí maidir le hIonad Ealaíon *Solstice*, Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann, *Irish Aerial Creation Centre* agus Ionad Ealaíon Loch Garman, rud a d'fhág gur tógadh caipitil dar luach €3 milliún ar aghaidh go dtí 2020.

**A.8 Cultúr Éireann**

*Soláthar measta: €4.6 milliún, toradh: €4.942 milliún*

Aistríodh cistí ó fho-ranna eile, le cead na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun gealltanais maoiniúcháin de chuid Chultúr Éireann a chomhlíonadh, a bhí geallta i dtosach don bhliain 2020 ach a raibh le híoc faoin bhfo-mhírcheann seo in 2019.

**A.16 Ionad Imeachtaí Chorcaí**

*Soláthar measta: €1 milliún, toradh: €nialas*

Ba mar gheall nach raibh an t-údarás conarthach i staid ina raibh sé ábalta an conradh tógála a thabhairt chun críche le linn 2019 a raibh sábháil €1 milliún ann i gcoibhneas leis an soláthar measta. Mar thoradh air sin, níor tarraingíodh anuas aon mhaoiniú caipitil i rith na bliana. Athraíodh an fhreagracht as an tionscadal seo a mhaoiniú go dtí an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar an 1 Iúil 2019.

## Clár B Oidhreacht

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | 21,207 | 22,687 | 21,386 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 2,696 | 1,732 | 1,585 |
| B.3 | Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 6,588 | 6,558 | 6,472 |
| B.4 | Oidhreacht thógtha | 3,713 | 3,863 | 2,868 |
| B.5 | Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | 13,727 | 13,498 | 13,959 |
| B.6 | Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann | 650 | 649 | 400 |
| B.7 | Scéim Giarála Post don Oidhreacht Thógtha | 2,500 | 2,388 | 1,973 |
| B.8 | Athchóiriú agus bainistiú tailte móna | 3,000 | 4,038 | 615 |
| | | **54,081** | **55,413** | **49,258** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd bhí an caiteachas a bhain le Clár B €1.332 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Ba mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó é sin:

**B.8 Athchóiriú agus bainistiú tailte móna**

*Soláthar measta: €3 milliún, toradh: €4.038 milliún*

Aistríodh cistí ó fho-mhírchinn eile, le cead na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun gealltanais faoin Scéim Chúitimh um Scor de Bhaint Móna a chomhlíonadh.

## Clár C - An Ghaeilge, An Ghaeltacht agus na hOileáin

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán - pá | | 4,413 | 3,484 | 3,478 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | 1,125 | 1,191 | 1,023 |
| C.3 | Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta | | 9,692 | 8,547 | 8,180 |
| C.4 | Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 5,282 | 5,148 | 4,230 |
| C.5 | An Coimisinéir Teanga | | 810 | 808 | 747 |
| C.6 | Údarás na Gaeltachta- riarachán | | 9,442 | 9,442 | 9,637 |
| C.7 | Údarás na Gaeltachta - caiteachas an chláir reatha | | 3,850 | 3,850 | 3,350 |
| C.8 | Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh | | | | |
| | *Soláthar Bunaidh* | 9,000 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 700 | 9,700 | 9,700 | 7,638 |
| C.9 | Na hOileáin | | 8,708 | 10,566 | 8,211 |
| C.10 | Plean Gníomhaíochta 20 Bliana don Ghaeilge 2010 - 2030 | | 3,200 | 2,625 | 2,005 |
| | | | **56,222** | **55,361** | **48,499** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €861,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Ba mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó é sin:

**C.3 Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta**

*Soláthar measta: €9.692 milliún, toradh: €8.547 milliún*

Ba mar gheall nach ndearnadh dul chun cinn chomh tapa is a bhí pleanáilte ar dtús maidir le roinnt tionscadal caipitil a raibh sábháil €1.145 milliún ann i gcoibhneas leis an soláthar measta.

**C.9 Na hOileáin**

*Soláthar measta: €8.708 milliún, toradh: €10.566 milliún*

Aistríodh cistí ó fho-mhírchinn eile, le cead na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun ceannach straitéiseach Aerfort Chonamara a mhaoiniú.

**C.10 Plean Gníomhaíochta 20 Bliana don Ghaeilge 2010 - 2030**

*Soláthar measta: €3.2 milliún, toradh:  €2.625 milliún*

Ba mar gheall ar phleananna teanga a chur ar aghaidh go dtí an chéim feidhmiúcháin ag tógáil níos faide ná mar a measadh ar dtús a raibh sábháil €575,000 ann i gcoibhneas leis an soláthar measta.

## Clár D Comhoibriú Thuaidh-Theas

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **D.1** | Riarachán - pá | 1,261 | 1,371 | 1,283 |
| **D.2** | Riarachán - neamhphá | 697 | 1,053 | 906 |
| **D.3** | An Foras Teanga | 13,323 | 12,833 | 13,325 |
| **D.4** | Uiscebhealaí Éireann | 25,117 | 25,842 | 25,706 |
| | | **40,398** | **41,099** | **41,220** |

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastacháin | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | An Chartlann Náisiúnta | 40 | 46 | 38 |
| 2 | Fáltais ilghnéitheacha | 881 | 1,326 | 1,274 |
| 3 | Cíosanna (lena n-áirítear fáltais ó chearta iascaigh a ligean ar cíos etc.) | 95 | 138 | 144 |
| 4 | Seirbhísí agus muirir ag suíomhanna páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra | 465 | 1,174 | 1,283 |
| 5 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí [a] | 2,283 | 2,362 | 2,915 |
| | **Iomlán** | **3,764** | **5,046** | **5,654** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhain le pinsin. Cuireadh ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad sin ó 1 Eanáir 2019.

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €1.282 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá mínithe ar na hathruithe leagtha amach thíos:

2 **Fáltais ilghnéitheacha**

*Soláthar measta: €881,000, toradh: €1.326 milliún*

Ba mar gheall ar fháltais pinsin níos airde ó ghníomhaireachtaí den chuid is mó a raibh athrúchán €445,000 ann.

4 **Seirbhísí agus muirir ag suíomhanna páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra**

*Soláthar measta: €465,000, toradh: €1.174 milliún*

Ba mar gheall ar leibhéal fáltas níos airde ná mar a bhí súil leis sna páirceanna náisiúnta, a léiríonn uimhreacha maithe maidir le cuairteoirí sna saoráidí sin, a raibh athrúchán €709,000 ann.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 14 | 10 |
| Fáltais ó iasachtaí Gaeltachta | 2 | 4 |
| Admháil ó thuarastail aireachta a tugadh suas. | 15 | 10 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (14) | (10) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **17** | **14** |

# Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | | |
| Roinn | 660 | 615 |
| Gníomhaireachtaí | 1,116 | 1,087 |
| | **1,776** | **1,702** |

## 5.2 Pá

| Aoisliúntas fhoireann na Roinne | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 31,009 | 29,387 |
| Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 69 | 62 |
| Liúntais eile | 319 | 348 |
| Ragobair | 430 | 464 |
| ÁSPC an fhostóra | 2,609 | 2,384 |
| **Pá iomlán** | **34,436** | **32,645** |

| Luach Saothair Gníomhaireachtaí | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 46,630 | 44,601 |
| Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | — | — |
| Liúntais eile | 918 | 757 |
| Ragobair | 595 | 891 |
| ÁSPC an fhostóra | 4,679 | 4,263 |
| **Pá iomlán [a]** | **52,822** | **50,512** |

Nóta [a] Déantar figiúr an phá iomláin a dháileadh ar fho-mhírchinn A.1, B.1, C.1 agus D.1.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faight-eoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 41 | 4 | 12,565 | 12,743 |
| Liúntais eile | 552 | 19 | 20,614 | 19,585 |
| Ragobair | 495 | 16 | 16,427 | 32,188 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin. | 389 | 71 | 24,053 | 33,128 |

Tá na mionsonraí a bhaineann le liúntais agus íocaíochtaí ragoibre i ndáil le foireann comhlachtaí/gníomhaireachtaí bunaithe ar thuairisceáin arna gcur ar aghaidh ag na comhlachtaí/gníomhaireachtaí sin agus sin amháin.

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Rinneadh 4 státseirbhíseach atá ar scor agus atá ag fáil pinsean státseirbhíse a fhostú arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €11,109. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Áirítear sa chuntas caiteachas €41,847 i ndáil le 2 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2019 ar fad nó cuid di agus arbh í an Roinn a d'íoc a gcuid tuarastal leo.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le 10 n-oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2019 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí Rialtais eile a d'íoc na hoifigigh sin go díreach.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon faighteoirí | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 30 | 55,665 | 61,606 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 8 | 21,519 | 15,597 |

Rinneadh duine amháin a bhfuil plean aisghabhála ar fiú €2,742 é i bhfeidhm ina leith a aistriú chuig Roinn eile i rith na bliana.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Scor na Scéime Cúitimh um Baint Mhóna

In 2019, rinne an Roinn 3,371 íocaíocht (2018: 2,806) a raibh luach €5,147,850 san iomlán leo (2018: € 4,382,624) i leith naScéime Cúitimh um Scor de Bhaint Mhóna. As sin, rinneadh 1,795 íocaíocht a raibh luach €2,729,348 ar an iomlán leo a mhaoiniú faoi Fho-mhírcheann B.8 athchóiriú agus bainistiú tailte móna (2018: maoiníodh 373) íocaíocht ar luach €612,366 ar an iomlán faoi Fho-mhírcheann B.5 oidhreacht nádúrtha (an tseirbhís páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra). Rinneadh an 1,576 íocaíocht a bhí fanta agus a raibh luach iomlán €2,418,502 leo a íoc trí chuntas fionraí arna mhaoiniú ag an gCiste Comhshaoil (2018: 2,433 íocaíocht a raibh luach iomlán €3,770,258 leo).

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

| | Líon cásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Cúiteamh a bronnadh | Costais dlí a bronnadh | 2019 Iomlán | 2018 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh arna ndéanamh ag**: | | | | | | |
| Fostaithe na Roinne | 3 | 11 | — | 33 | 44 | 37 |
| Baill an phobail | 12 | 53 | 109 | 7 | 169 | 151 |
| | | **64** | **109** | **40** | **213** | **188** |

## 6.3 Cailliúint sócmhainní oidhreachta

Tá an fiosrúchán ar chuir an Garda Síochána tús leis sa bhliain 2012 maidir le cailliúint roinnt nithe a bhí coinnithe i stóras príobháideach thar ceann na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta fós ar bun. Níl aon choigeartú déanta ar na figiúirí taifeadta i Nóta 2.2, go dtí go mbeidh fiosrúchán na nGardaí tugtha chun críche.

## 6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Fo-mhír-cheann** | **Míniú** | | | |
| A.9 | An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 75,002 | 75,002 | 68,213 |
| B.3 | Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 6,588 | 6,558 | 6,472 |
| C.4 | Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 5,282 | 5,148 | 4,230 |
| | | **86,872** | **86,708** | **78,915** |

Tá liosta iomlán de dheontaithe faoi fho-mhírcheann C.4 le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

## Nóta 7 Cuntais Ilghnéitheacha

### 7.1 Íocaíochtaí i leith speansais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Áiléar Crawford (Fo-mhírcheann A.5).

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Íocaíochtaí** | | |
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann | 5,958 | 5,858 |
| Leabharlann Chester Beatty | 2,801 | 2,695 |
| An Ceoláras Náisiúnta | 3,048 | 2,829 |
| Áiléar Crawford, Corcaigh | 1,566 | 1,455 |
| | **13,373** | **12,837** |

### 7.2 Ciste Tiomnachta Crowley

Ghlac an Stát leis an tiomnacht sa bhliain 1997, lena úsáid le dul i mbun tionscadail a raibh sé i gceist leis taifid Oifig an Phríomhrúnaí sa tréimhse 1815 – 1853 a liostú, a chur ar mhicreascannán agus a fhoilsiú. Is ionann an muirear ar an gciste agus costais chaomhnúcháin agus tuarastail a bhaineann leis an tionscadal.

**Cuntais na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 207 | 321 |
| Fáltais | — | — |
| Íocaíochtaí | (51) | (114) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **156** | **207** |

## 7.3 Ráiteas ar iasachtaí le haghaidh tithíocht Gaeltachta

Iasachtaí a eisíodh ar mhaithe le tithíocht Ghaeltachta faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht) 1929 go 2001 agus aisíocaíochtaí ina leith:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir | 184 | 185 |
| Ús pionósach bliantúil a fabhraíodh | 5 | 4 |
| Díscríobh úis | — | (1) |
| Aisíocaíochtaí príomhshuime | (2) | — |
| Íocaíochtaí úis | — | (4) |
| Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig | **187** | **184** |

## Aguisín A Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit a bhfuil smacht ag an Roinn orthu nó atá á mbainistiú ag an Roinn nach bhfuil aon luacháil déanta orthu

Déanann an Roinn sé láthair páirceanna náisiúnta a bhainistiú faoi láthair, is iad sin

Páirc Náisiúnta Baile Chruaich
Páirc Náisiúnta Bhoirne
Páirc Náisiúnta Chonamara
Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha
Páirc Náisiúnta Chill Airne
Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin

## Aguisín B Cuntais do comhlachtaí agus do chistí faoi choimirce na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí is na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Aire ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé ag deireadh mhí an Mhárta 2020 an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Ciste comhlachta/ roinne | Tréimhse deiridh cuntas-aíochta | Dáta na tuarascála iniúchóra | Dáta a fuair an tAire/Roinn í | Dáta a cuireadh i láthair an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann | 2018 | 28 Lúnasa 2019 | 25 Samhain 2019 | 10 Feabhrá 2020 |
| Leabharlann Chester Beatty | 2018 | 1 Iúil 2019 | 5 Iúil 2019 | 22 Deireadh Fómhair 2019 |
| An Ceoláras Náisiúnta | 2018 | 24 Meitheamh 2019 | 11 Iúil 2019 | 21 Deireadh Fómhair 2019 |
| Áiléar Crawford | 2018 | 3 Deireadh Fómhair 2019 | 14 Deireadh Fómhair 2019 | 20 Eanáir 2020 |
| An Chomhairle Ealaíon | 2018 | 20 Meitheamh 2019 | 18 Iúil 2019 | 2 Deireadh Fómhair 2019 |
| Ard-Mhúsaem na hÉireann | 2018 | 28 Samhain 2019 | 24 Nollaig 2019 | 23 Márta 2020 |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | 2018 | 5 Meitheamh 2019 | 26 Lúnasa 2019 | 5 Samhain 2019 |
| Fís Éireann | 2018 | 20 Nollaig 2019 | 5 Feabhra 2020 | — |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | 2018 | 17 Nollaig 2019 | 29 Eanáir 2020 | 19 Meitheamh 2020 |
| An Chomhairle Oidhreachta | 2018 | 11 Nollaig 2019 | 13 Eanáir 2020 | 25 Márta 2020 |
| Údarás na Gaeltachta | 2018 | 5 Samhain 2019 | 24 Eanáir 2020 | — |
| An Foras Teanga | 2018 | 19 Nollaig 2019 | 3 Eanáir 2020 | — |
| Uiscebhealaí Éireann | 2018 | 10 Iúil 2019 | 17 Iúil 2019 | 4 Samhain 2019 |
| An Coimisinéir Teanga | 2018 | 26 Samhain 2019 | 6 Nollaig 2019 | — |